


Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain



Imleabhar An Gael ag Ardleabharlann Nua-Eabhraic

"Ach sin scéal eile!" Críochnaíonn dhá alt san eagrán seo leis na focail sin. Nach bhfuil sé go hiontach go mbíonn scéal eile le hinsint againn! Ní fheadar ar cheap **Mícheál Ó Lócháin** riamh nuair a bhunaigh sé an iris seo don chéad uair go mbeimis fós á cur i gcló! Bhailigh Ó Lócháin ábhar as gach cearn de Mhericeá agus as Éirinn. Nílimid chomh teoranta sa lá atá inniu ann. Bailimid ábhar le chéile as gach cearn den domhan anois, agus sin scéalta eile!

Tá ríomh-aithne (aithne ar an idirlíon amháin) agam ar Iarla Mac Aodha Bhuí le blianta (is cairde ar Facebook sinn le déanaí). Anois tá sé i measc scríbhneoirí *An Gael*, le scéal faoina eachtraí i Santo Domingo. Christopher Columbus a bhí ann roimhe, agus meascán casta de shean is de nua atá ann. Saol na Spáinise agus cultúr an-difriúil atá i gceist. Oilithreach go saol teanga eile ab ea Iarla ar an turas seo. San eagrán roimhe seo, díriodh ar na hoilithrigh a thagann go Gleann Choilm Cille chun Gaeilge a fhoghlaim, agus an uair seo, tá Gaeilgeoir ag siúl an bhóthair sa treo eile. Pé treo, bíonn siúlach scéalach!

Is ó shaol na blagadóireachta í Áine Durkin (miseaine.blogspot.com), agus is amhlaidh an scéal le Tim Quinlan (machnamh.blogspot.com). Is iontach an rud é go bhfuil an Ghaeilge ina teanga idirnáisiúnta sa lá atá inniu ann, go háirithe ar an idirlíon, agus go bhfuil daoine as Éirinn, as Meiriceá, agus as tíortha eile mar an Fhionlainn agus an Bheilg ag obair i lámh a chéile chun an iris seo a chur i gcló.

Nuair nach raibh mé ach ag foghlaim na Gaeilge blianta ó shin, bhí brionglóid agam go mbeadh sé go breá dá mb'fhéidir liom scéalta mo chairde nach raibh i gcló a fhoilsiú. Anois agus mé in m'eagarthóir ar an iris seo, ní brionglóid amháin sin. **Cé a cheapfadh go mbeinn ag foilsiú ábhair ó na daoine féin a bhí ar intinn agam fadó?** Ina measc sin atá Panu Höglund, Máiréad Perron, Gearóid Ó Ceallaigh, Lugh De Paor agus Eoin Dunford. Daoine an-éagsúil óna chéile iad, agus tá rud fiúntach le rá ag gach duine acu.

I measc na chéad leabhar a léigh mé as Gaeilge ab ea *Spotsholas na nDaoine* le Muiris Ó Bric. Laoch dom ab ea é, agus níor cheap


mé riamh go mbeadh aithne agam air ag an am sin, gan trácht air go mbeinn dá fhoilsiú. Ach is ait an mac an saol. Rugadh agus tógadh ar na Gorta Dubha i mBaile an Fheirtéaraigh Muiris, agus is siúlach scéalach ó shin é. Tá cónaí air i Nua-Eabhrac le blianta. Roineann sé scéal faoi Londain a óige linn.

Is faoi scáth **Chumann Carad na Gaeilge** a fhoilsítear an iris seo, agus is áis iontach í chun cairde na Gaeilge a bhailiú le chéile chun scéalta nua a roinnt lenár gcéile, agus dar ndóigh, lenár léitheoirí, agus chun an domhan seo a iniúchadh is a phlé inár dteanga féin. Agus tá an domhan seo i bhfad níos leithne ná saol na Gaeilge féin, dar ndóigh.

Sin ráite, tá saol na Gaeilge sách mór! Ba chóir dúinn tuiscint a chothú ar Ghaeilge na n-aoiseanna a chuaigh thart chun ár gcuid féin a thuiscint is a neartú. Agus tá an saol seo chomh leathan agus atá sé domhan, mar is léir ó na teangacha gaolta, Gaeilge na hAlban is Gaeilge Mhanann. Is cairde sinn uile, freisin, agus b'fhiú dúinn na naisc eadrainn a chothú. Bhí an smaoineamh sin le fáil san iris seo blianta fada ó shin, agus beidh as seo amach, le cúnamh Dé. Tá samplaí den **Ghàidhlig** sa rannóg 'Ón Anallód' san eagrán seo. Beidh ionadh ort go dtuigeann tú an chuid is mó di!

Seanscéalta agus aghaidh nua orthu, agus scéalta eile nach raibh cloiste riamh roimhe seo. Is saibhir í saol na Gaeilge, gan aon agó.

Ar aghaidh linn leis na scéalta nua, a chairde!



Dán as An Gael sa naoú haois déag

Moltaí dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsiúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhaslaí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraingteach spráúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlíon.